



V477 prtn ??SEQSTRING??
AN tUASAL TÁSTÁIL
4 PRÍOMHSHRÁID
AN PRÍOMHBHAILE
BAILE ÁTHA CLIATH 2

Roinn CMÁ,
Bosca P.O. 1,
Luimneach

Fiosruithe: 1890 200 255
15/03/2013

Mar Úinéir na Maoine: 1234567CH

Cáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ)

A Chara,

Táim ag scríobh chugat toisc go dtaispeánann taifid na gCoimisinéirí Ioncaim gur tusa an t-úinéir nó an duine faoi dhliteanas Cáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) maidir leis an mhaoin chónaithe:

4 PRÍOMHSHRÁID
AN PRÍOMHBHAILE
BAILE ÁTHA CLIATH 2

Faoi iamh agam leis seo tá Tuairisceán Cáin Maoine Áitiúil (Foirm LPT1) don mhaoin seo, nach mór duit a chomhlánú agus a chur ar ais chuig na Coimisinéirí, fiú más díolmhaithe an mhaoin. Leis seo freisin tá leabhrán a mhíononn CMÁ, ina bhfuil treoir chéim ar chéim chun an Tuairisceán a chomhlánú. Leagam amach lastall Fógra Meastacháin don CMÁ dlite ar an mhaoin seo. Mura thú úinéir na maoine seo, nó mura maoin chónaithe í an mhaoin, lean le do thoil na treoracha ag cuid 4 lastall.

Ar an Tuairisceán iniata tá UA Maoine agus UAP a ligeann duit an Tuairisceán a chomhlánú agus a chur ar ais go leictreonach trí www.revenue.ie. Má chuireann tú do Thuairisceán comhlánaithe ar ais tríd an bpost, ní mór go mbeadh sé faighte ag na Coimisinéirí faoi 7 Bealtaine 2013. Más ag cuir é ar ais go leictreonach, tá go dtí 28 Bealtaine 2013 agat. Má tá níos mó ná maoin chónaithe amháin agat, nó má tá ort cheana féin do thuairisceáin chánach eile a chur ar ais ar líne, NÍ MÓR duit an Tuairisceán seo a chomhlánú agus a chur ar ais go leictreonach.

1. Teacht ar cé mhéid atá le híoc

Braitheann an tsuim CMÁ atá le híoc agat ar luach margaidh na maoine ar 1 Bealtaine 2013. Tá luachanna eagraithe i mbandaí agus chun an Tuairisceán a chomhlánú, beidh ort féinmheasúnú a dhéanamh ar an mhaoin agus an banda luachála cuí a chur sa Tuairisceán. Cuireann leathanaigh 6–7 den leabhrán in iúl duit cá háit is féidir treoir a fháil chun luach margaidh na maoine a mheasúnú. Má leanann tú an treoir go hionraic, glacfaidh na Coimisinéirí leis an luacháil. Mínítear na rátaí CMÁ agus tugtar treoir chun teacht ar an tsuim atá le híoc agat ar leathanaigh 5 agus 14 den leabhrán.

Beidh luach na maoine ar 1 Bealtaine 2013 mar an gcéanna do na blianta, 2014, 2015 agus 2016, ó thaobh CMÁ de, neamhaird ar aon síneadh, leathnú, fheabhsú nó luachanna díola idir an dá linn.

2. Ag íoc CMÁ

Is do leathbhliain atá CMÁ i 2013 agus tá sí iníoctha ar 1 Iúil 2013. Tá raon de mhodhanna íocaíochta difriúla ann – féach leathanach 7 den leabhrán. Tá de rogha agat íocaíocht amháin a dhéanamh nó íoc ar bhonn céimnithe i dtráthchodanna cothroma. Ní mór duit modh íocaíochta a roghnú ag comhlánú an Tuairisceáin duit agus má roghnaíonn tú íoc trí Údarás Dochair Singil (amhail seic leictreonach) ní asbhainfear CMÁ ó do chuntas bainc go dtí 21 Iúil 2013.

Má shásaíonn tú coinníollacha áirithe, is féidir leat cuir isteach ar iarchur iomlán nó páirteach den CMÁ. Leagam an leabhrán na coinníollacha amach ar leathanaigh 8 agus 9. Léigh iad go cúramach le do thoil, féachaint an bhfuil tú cáilithe agus fiú má tá tú ag cur isteach ar iarchur, ní mór duit fós an Tuairisceán comhlánaithe a chur ar ais.

3. Fógra Meastacháin

Leagaim amach thíos Fógra Meastacháin den CMÁ atá le híoc (féach leathanach 11 den leabhrán). Níl sé seo bunaithe ar mheasúnú iarbhír luach margaidh na maoine. Is fógra foirmiúil é chugat, mura gcuireann tú Tuairisceán comhlánaithe ar ais agus modh íocaíochta nó iarchur/ díolúine a roghnú, go mbaileoidh na Coimisinéirí an tsuim measta trí asbhaint ag an bhfoinse ó íocaíochtaí a dhéantar leat, ag mar shampla, nó dfhostóir nó do chuideachta Stáit, nó trí shlite eile. Ní bheidh feidhm a thuilleadh ag an bhFógra Meastacháin nuair a chuireann tú Tuairisceán comhlánaithe iomlán ar ais.

Fiú má cheapann tú go bhfuil an tsuim sa bhFógra Meastacháin ag teacht go maith le do mheasúnú féin ar luacháil na maoine, ba chóir duit fós an Tuairisceán a chomhlánú ar an mbonn sin, modh íocaíochta a roghnú agus an Tuairisceán a chur ar ais. Athbhreithneoidh na Coimisinéirí cásanna inar n-íoctar an tsuim sa bhFógra Meastacháin agus b'fhéidir go n-eiseoidh siad meastachán leasaithe nó measúnú cánach foirmiúil i leith na maoine.

4. Mura tú úinéir na Maoine atá ar an litir seo agus ar an Tuairisceán nó mura maoin chónaithe í an mhaoin

Toisc nach bhfuil aon chlár maoine 100% cruinn, beidh earráidí i dtaifid na gCoimisinéirí ag an tús agus gheobhaidh roinnt daoine litir in earráid. D'fhéadfadh sé seo titim amach mar shampla, má d'íoc mac nó iníon an Muirear Teaghlaigh ar son tuiste, má fuair úinéir maoine bás agus níl críoch curtha fós le haistriú na maoine go dtí an t-úinéir nua, nó nár chláraigh an tiarna talún maoin ar chíos leis an mBord Um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha.

Má scríobhamar chugat in earráid, gabh ár leithscéal. Mar sin féin, tá sé an-tábhachtach go rachfá i dteagmháil leis na Coimisinéirí chun go gceartófaí ár dtaifid, mar in éagmais aon cheartú, rachfadh na Coimisinéirí ar aghaidh ar an mbonn gur tusa atá faoi dhliteanas CMÁ a íoc i leith na maoine seo. Má cheapann tú nach tú an duine faoi dhliteanas, nó nach maoin chónaithe í an mhaoin seo, ná tabhair neamhaird don litir seo le do thoil. Scríobh chuig na Coimisinéirí ag an seoladh lastall ag cuir Ainm, Seoladh agus UPSP úinéir na maoine (mura tu an t-úinéir) in iúl, maraon le haon cháipéisíocht tacaíochta eile laistigh de 30 lá ó dháta na litreach seo. Tugann leathanaigh 3 agus 4 den leabhrán eolas duit ar cé hé/hí duine faoi dhliteanas, cad is maoin chónaithe ann agus tugtar breis teorach mionsonraithe duit le leanúint.

Léigh le do thoil an leabhrán CMÁ iniata. Tá eolas agus treoir ann chun cabhrú leat do Thuairisceán a chomhlánú agus a chur ar ais. Leagtar amach chomh maith ar leathanach 11 na forais atá ann i leith achomhairc in aghaidh gnéithe éagsúla CMÁ. Ar ár suíomh gréasáin www.revenue.ie tá treoir chuimsitheach agus Ceisteanna Coitianta, a nuashonraítear go rialta. Más rud é nach bhfuil rochtain idirlín agat, tá comhairle ar fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh is gaire duit nó féigh i dteagmháil leis an líne chabhrach Cánach 1890 200 255 (nó +3531 7023049 ó thar lear), nó féach Aertel leathanach 593. Tá rochtain idirlín freisin i do leabharlann áitiúil.

Is mise le meas,

Micheál Ó Gladní
Ard-Bhailitheoir



**Fógra Meastacháin den Cháin Mhaoine Áitiúil iníoctha faoi Alt 47 den Acht Airgeadais
(Cáin Mhaoine Áitiúil) 2012 (arna leasú) i leith Maoin UA 1234567CH**

TRÉIMHSE

01/07/2013 – 31/12/2013

€ 112.00

Mura gcomhlánann tú an Tuairisceán CMÁ agus é a chur ar ais chuig na Coimisinéirí ar nó roimh 28 Bealtaine 2013, leis seo tugaimse fógra go bhfuil an tsuim seo iníoctha go dlíthiúil agat agus b'fhéidir go gcuirfidh mé tús le céimeanna chun an tsuim seo a bhailiú gan fógra eile. Ní féidir an fógra seo a easáitiú ach le cur ar ais Tuairisceán comhlánaithe a leagann amach an tsuim Cháin Mhaoine Áitiúil atá iníoctha agat i leith na maoine seo.

Micheál Ó Gladní,
Ard-Bhailitheoir.